


# Lá le haghaidh Idirlión níos Sábháilte 2026

3 mbliana agus 7 bhliain d'aois



**Teicneolaíocht  
chliste,  
roghanna  
sábháilte**

**fiosrú ar  
úsáid  
shábháilte  
fhreagrach IS**



## Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

Déantar an Lá le haghaidh Idirlíon Níos Sábháilte a cheiliúradh ar fud an domhain gach Feabhra le cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid shábháilte dhearfach na teicneolaíochta digití do pháistí agus do dhaoine óga, agus le comhrá náisiúnta a spreagadh fá úsáid teicneolaíochta ar bhealach freagrach, measúil, breithiúnach, agus cruthaitheach. Beidh Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte 2026 ar an 10 Feabhra.

Sa Ríocht Aontaithe, is é UK Safer Internet Centre (UKSIC) a eagraíonn an Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte. Is comhpháirtíocht é ina bhfuil trí charthanacht - Childnet International, The Internet Watch Foundation (IWF) agus SWGfL.



Gabhann muid buíochas le Rialtas na Breataine Bige as a dtacaíocht leis na hacmhainní seo a aistriú go Breatnais.

Fá choinne tuilleadh acmhainní agus comhairle, tabhair cuairt ar

[hwb.gov.wales/keeping-safe-online](http://hwb.gov.wales/keeping-safe-online)



Cefnogir gan  
**Lywodraeth Cymru**  
Supported by  
**Welsh Government**

Tá muid buíoch as an Safeguarding Board of Northern Ireland as a dtacaíocht leis na hacmhainní seo a aistriú go Gaeilge.

Fá choinne tuilleadh acmhainní agus comhairle, tabhair cuairt ar

[onlinesafetyhub.safeguardingni.org](http://onlinesafetyhub.safeguardingni.org)



*Cruthaíodh na cásanna agus na solaoidí uilig sna sleamhnáin seo ar mhaith le cúinsí oideachais amhain, agus ní fíorchásanna ná fíorsholaoidí iad.*



## Teicneolaíocht chliste, roghanna sábháilte

Is é an téama atá againn i mbliana do Lá le haghaidh Idirlión níos Sábháilte ná ‘intleacht shaorga’ nó ‘IS’. Ó ghlórchúntóirí go botaí comhrá, go heitic maidir le IS ghiniúnach, cuideoidh ár n-acmhainní leat agus le d’fhoghlaimeoirí fiosrú a dhéanamh maidir leis an dóigh a dtiocfadh linn IS a úsáid go sábháilte freagrach, agus cinnte a dhéanamh de go mothaíonn achan duine cumhachtaithe le bheith oiriúnaitheach le dul i ngleic le teicneolaíocht atá ag athrú.

Tuigeann muid go dtig leis a bheith dúshlánach labhairt le páistí agus daoine óga fán teicneolaíocht nua, go háirithe muna bhfuil tú féin muiníneach i réimse na teicneolaíochta.

Is é seo an fáth ar chruthaigh muid liosta léitheoireachta agus acmhainní breise a dtig leat úsáid a bhaint astu, más mian leat, mar aon leis na hacmhainní seo, leis an tuiscint atá agat féin agus ag d’fhoghlaimeoirí a fhorbairt:

[saferinternet.org.uk/further-resources](https://saferinternet.org.uk/further-resources)

Tá muid ag glaoch ar an rialtas agus ar earnáil na tionsclaíochta cinnte a dhéanamh de go bhfuil sábháilteacht agus cearta leanaí croí lárnach sna forbairtí i réimse an IS.

“Do dhaoine óga atá ag baint úsáid as an teicneolaíocht seo cheana féin, ba mhaith linn tacaíocht a thabhairt dóibh na scileanna agus an muinín a fhorbairt le go ndéanfaidh siad roghanna atá sábháilte agus freagrach.”

### Fiosrú ar úsáid shábháilte fhreagrach IS

#### 3 bliana go 7 mbliana d’aois

Béim ar ghlórchúntóirí, tagairt theoranta ar IS

#### 7 mbliana go 11 bhliain d’aois

Fiosraíonn sé réimse úsáidí IS atá sábháilte agus freagrach, botaí comhrá san áireamh

#### 11 bhliain go 14 bliana d’aois

Fiosraíonn sé úsáid fhreagrach IS, lena n-áirítear botaí comhrá IS agus roghanna ar son plé a dhéanamh ar íomhánna de dhaoine atá nocht.

#### 14 bliana go 18 mbliana d’aois

Béim ar eitic IS agus fiosrú ar fhreagrachtaí an duine aonair agus an tsochaí



## Clár an Ábhair

**5** Ag úsáid na n-acmhainní seo

**6** **Gníomhaíocht:** Cara nua Rua

**10** **Gníomhaíocht:** cén úsáid is féidir liom a bhaint as glórchúntóir?

**11** **Gníomhaíocht:** cén úsáid is féidir liom a bhaint as glórchúntóir?

**14** **Gníomhaíocht:** plean pearsanta um shábháilteacht ar líne



## Ag úsáid na n-acmhainní seo

### Cuir ár gcuid acmhainní in oiriúint de réir riachtanas na bhfoghlaimoirí s'agat

Tá a fhios againn nach bhfuil achan duine óg mar an gcéanna, agus go dtiocfadh le páistí a bheith níos leochailí i dtaca le dochair ar líne má tá riachtanais speisialta san oideachas nó riachtanais bhreise acu. Is é seo an fáth a bhfuil ár gcuid acmhainní ar fad cruthaithe agus an inrochtaineacht tugtha san áireamh. Ní dhéanann muid tagairt d'aoiseanna ar leith, seachas in ainmneacha na gcomhad agus ar chlúdaigh, agus mar sin de, bí ag roghnú agus ag meascadh gníomhaíochtaí as na hacmhainní, ná bíodh leisce ort athruithe a dhéanamh más gá. Tá moltaí tugtha in achan cheann dár ngníomhaíochtaí le scafláil agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimoirí, chomh maith le smaointe le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim.

Moltar do chleachtóirí na gníomhaíochtaí, nó gnéithe díobh, a thabhairt isteach sa churacclam, agus na hacmhainní á gcur in oiriúint le freastal ar riachtanais uathúla na bhfoghlaimoirí.

### Bunaigh spás sábháilte

Smaoinigh ar an bhealach le timpeallacht thacúil a chruthú do dhaoine óga sa dóigh is gur féidir leo foghlaim agus labhairt fá ábhair a d'fhéadfadh a bheith conspóideach. Le smaointe a fháil, gabh chuig:

[childnet.com/learning-environment](https://childnet.com/learning-environment)

Agus a saolta ar líne faoi phlé, féadann páistí agus daoine óga buarthaí a léiriú fá rudaí a chuala siad nó a chonaic siad ar líne. Déan cinnte go bhfuil tú eolach fá na nósanna imeachta cumhdaigh is déanaí i do scoil nó i do shuíomh, agus le tuilleadh comhairle a fháil, tabhair cuairt ar: [childnet.com/safeguarding](https://childnet.com/safeguarding)

### Bí eolach ar áiteanna ónar féidir tuilleadh eolais nó cuidithe a fháil.

Ná déan dearmad go bhfuil neart cuidithe agus comhairle ar fáil má tá tuilleadh eolais de dhíth ort fá rud ar bith eile a bhaineann le sábháilteacht ar líne. Ar an leathanach 'Need Help' atá ag The UK Safer Internet Centre, tá tuilleadh eolais ar fáil fá buarthaí ar leith atá agat a thuairisciú d'eagraíochtaí taobh amuigh de do scoil/suíomh:

[saferinternet.org.uk/advice-centre/need-help](https://saferinternet.org.uk/advice-centre/need-help)

Is líne chabhrach saor in aisce í The Professionals Online Safety Helpline agus thig leat comhairle agus tacaíocht a fháil ansin do gach ball den lucht saothair a oibríonn ar son páistí, ar aon cheisteanna maidir le sábháilteacht ar líne:

[saferinternet.org.uk/professionals-online-safety-helpline](https://saferinternet.org.uk/professionals-online-safety-helpline)

### Cuir tús ar chomhráite a mhairfidh ó cheann ceann na bliana

Tá an domhan ar líne ag athrú i rith an ama, ach is féidir tuiscint a fháil ar a bhfuil ar siúl ach dul i mbun comhrá le daoine óga fána n-eispéiris ar líne. Cuir tús leis an chomhrá inniu ach déan nós de i rith na bliana ar fad.



## Gníomhaíocht: Cara nua Rua

### Am:

20 bomaite.

### An cuspóir foghlama:

- Tá mé in ann anois a mhíniú cad is glórchúntóir ann agus tuigim anois nach fíordhuine é.

### Na hábhair:

- Sleamhnán a ghabhann le 'Cara nua Rua' (sleamhnán 2 go 10).
- Bileog ghníomhaíochta 'Cara nua Rua' d'achan foghlaimeoir.

### Treoirínite molta don ghníomhaíocht:

Sa ghníomhaíocht seo, bainfidh tú feidhm as scéal gairid le coincheap an glórchúntóra a chur i láthair agus le cuidiú leis na foghlaimeoirí a thuigbheáil gur teicneolaíocht é seo, agus nach duine é.

1. Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le scéal fá duine darb ainm Rua agus fá chara nua léi. Iarr orthu a bheith ag smaointiú fá cé a d'fhéadfadh a bheith i gcara nua Rua, le linn duitse a bheith ag léamh.
2. I ndiaidh duit sleamhnán 6 a léamh, fiafraigh díobh cé hé cara Rua, dar leo. An fíordhuine é, dar leo?
3. I ndiaidh sleamhnán 8 a léamh, fiafraigh de na foghlaimeoirí ar bhain siad feidhm as glórchúntóir ariamh. Tabhair roinnt solaidí daofa, leithéidí Alexa, Siri, agus Google.
4. Críochnaigh an scéal leo agus pléigh leo an teachtaireacht a bhí ag Daidí Rua di. Thig leis na glórchúntóirí a bheith cuiditheach cairdiúil, ach ní fíordhaoine iad. Ní thig leis na glórchúntóirí cuid de na nithe a dhéanann daoine a dhéanamh, leithéidí croí isteach a thabhairt dúinn, nó an dinnéar a ghiollacht dúinn. Cuir béim ar an phointe gur cineál teicneolaíochta iad na glórchúntóirí, agus nach bhfuil mothúcháin ná cion ar bith acu. Ní thig áthas, brón ná fearg orthu, mar a thig orainne.
5. Fríd fheidhm a bhaint as an bhileog ghníomhaíochta 'Cara nua Rua', tarraingeoidh na foghlaimeoirí pictiúr de dhuine daonna agus pictiúr de glórchúntóir. Ansin comhlánóidh siad na habairtí le freagra difriúil in achan abairt.



## **Gníomhaíocht: Cara nua Rua**

### **Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt**

Léigh amach 'An Glórchúntóir (ainm eile: an Giolla Gutha') (sleamhnáin 11 go 18). Fríd fheidhm a bhaint as an bhileog ghníomhaíochta 'An Glórchúntóir (ainm eile: an Giolla Gutha')', thig leis na foghlaimeoirí an pictiúr den ghlórchúntóir a dhathú. Ansin, gabh fríd an scéal athuair agus tabhair tacaíocht do na foghlaimeoirí leis na boscaí a dhathú ina bhfuil gníomhartha is féidir le glórchúntóir a dhéanamh.

### **Bealaí le dúshlán a thabhairt agus le cur leis an fhoghlaim**

Fríd fheidhm a bhaint as na sleamhnáin 'Eolas fá Ghlórchúntóirí' (sleamhnáin 19 go 23), léirigh do na foghlaimeoirí gur cineál teicneolaíochta é glórchúntóir agus gur ríomhchlár é. Baineann siad feidhm as fhaisnéis le freagairt a thabhairt ar threoracha ó dhaoine daonna. Cuir béim ar an phointe go bhfuil ceangal idirlín de dhíth orthu le feidhmniú. Seans go mbeidh an téarma Wi-Fi ag cuid de na foghlaimeoirí cheana féin. Ar shleamhnán 23, oibrígí lena chéile leis na bearnaí a líonadh leis na habairtí a chomhlánú.





## Bileog ghníomhaíochta: **‘Cara nua Rua’**

Tá duine daonna in ann  
dinnéar a ghiollacht.

Tá duine daonna in ann

---

---

---

---

---

Tá glórchúntóir in ann ceol  
a chasadh.

Tá glórchúntóir in ann

---

---

---

---



---





Bileog ghníomhaíochta:

## An Glórchúntóir (ainm eile: an Giolla Gutha)




Aláraim a shocrú



Dinnéar a ghiollacht



Fíricí a insint dom



Ceol a chasadh



Mothúcháin a bheith aige



Soilse a mhúchadh gan teagmhaigh leis an lasc féin



Croí isteach a thabhairt dom



## **Gníomhaíocht:** cén úsáid is féidir liom a bhaint as glórchúntóir?

### **Am:**

10 bomaite

### **An cuspóir foghlama:**

- Thig liom réimse d'úsáidí dearfacha a aithint maidir le glórchúntóirí.

### **Na hábhair:**

- Na sleamhnáin a ghabhann leis na sleamhnáin 'Cén úsáid is féidir liom a bhaint as glórchúntóir?' (sleamhnáin 24 go 36).

### **Treoirleinte molta don ghníomhaíocht:**

Cuideoidh an ghníomhaíocht seo leis na foghlaimeoirí tuigse a fháil ar na bealaí a bhféadann na glórchúntóirí cuidiú leo agus lena dteaghlach, chomh maith leis na bealaí siúd a mheas inar féidir glórchúntóir a úsáid nach mbeadh fóirsteanach.

1. Deimhnigh go bhfuil a fhios ag na foghlaimeoirí cad is glórchúntóir ann. Seans go bhfuil siad eolach ar na glórchúntóirí, leithéidí Siri, Alexa, agus Google. Inis do na foghlaimeoirí go mbeidh sibh ag amharc ar na bealaí éagsúla a d'fhéadfadh duine feidhm a bhaint as glórchúntóir.
2. Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag rangú na n-úsáidí atá le glórchúntóir ina dhá ngrúpa: úsáidí atá slán spraíúil, agus úsáidí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach míshuaimhneach. D'fhéadfadh na foghlaimeoirí é seo a dhéanamh i meitheal nó go neamhspleách leo féin.
3. Gabh fríd shleamhnáin 25 go 36. I dtaca le gach úsáid díofa, déanaigí cinneadh cén ghrúpa lena mbaineann sí. Seans gur mhian leat feidhm a bhaint as an leagan chlóite agus ligean leis na foghlaimeoirí iad a rangú go fisiciúil ina dhá ngrúpa.
4. Déan plé ar an rangú atá déanta acu ar na húsáidí atá le glórchúntóirí agus gabh i ngleic le míthuiscintí ar bith.



## **Gníomhaíocht:** cén úsáid is féidir liom a bhaint as glórchúntóir?

### **Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt**

Bain feidhm as an leagan chlóite ar mhaithe le teagasc roimh ré a thabhairt do na foghlaimeoirí ar an fhocláíocht, le taithí a thabhairt daofa fá na bealaí éagsúla inar féidir glórchúntóirí a úsáid, roimh an ghníomhaíocht. Seans gur mian leat leagan clóite a chur ar fáil do na foghlaimeoirí le hamharc arís air le linn na gníomhaíochta féin, má bhíonn na sleamhnáin in úsáid agat.

Mar mhalairt air sin, bain feidhm as na sleamhnáin siúd amháin a léiríonn na húsáidí slána spraíúla atá le glórchúntóir. Spreag na foghlaimeoirí le gníomh nó gluaiseacht a roghnú lena dtig leo gach úsáid a léiriú. Mar shampla, thiocfadh gluaiseacht dhamhsa a dhéanamh ar son “An t-amhrán is ansa liom a chasadh”. Déan cluiche de na gníomhartha, fríd na húsáidí éagsúla a thaispeáint in ord fánach agus iarraidh ar na foghlaimeoirí an gníomh fóirsteanach a dhéanamh.

### **Bealaí le dúshlán a thabhairt agus le cur leis an fhoghlaim**


Iarr ar na foghlaimeoirí a nglórchúntóir féin a dhearadh, a tharraingt, agus a lipéadú. Mar thacaíocht, thiocfadh leat a dh’fhiafraí díofa:

- cén chuma atá air?
- cén dóigh a mbíonn sí ag cuidiú le daoine?
- an bhfuil nithe nach bhfuil sé in ann a dhéanamh?
- cad é a dhéanann sé má iarrtar air rud inteacht a dhéanamh nach bhfuil slán?







# Leagan clóite: cén úsáid is féidir liom a bhaint as glórchúntóir?




An t-amhrán is ansa liom a chasadh




Tuairisc na haimsire a fhiafraí




Físeán is maith liom a chasadh



Scéal grinn a insint dom




Teachtaireacht a sheoladh chuig duine muinteartha liom



Coimeádóir ama a shocrú nuair atá orm scor de mo chluiche



Scéal grinn a chumadh fá dhuine a bhfuil aithne agam air




Rud a cheannach ó shiopa ar líne gan cead a iarraidh ó dhuine fásta ar dtús



Físeán a casadh dom a dúradh liom gan coimhéad air



Ceol callánach a chasadh nua atá duine ag iarraidh codladh



Ceist a chur air fá mhionn mór



Teachtaireacht mhíchineálta a sheoladh chuig duine



## **Gníomhaíocht:** Cén spion a chuireann na glórchúntóirí orainn?

### **Am:**

20 bomaite

### **An cuspóir foghlama:**

- Thig liom a mhíniú cad é a dhéanfainn dá mothóinn i mbaol nó fríd a chéile agus mé ag úsáid glórchúntóra.

### **Na hábhair:**

- Na sleamhnáin a ghabhann le ‘Cén spion a chuireann na glórchúntóirí orainn?’ (sleamhnáin 37 go 47).

### **Treoirínte molta don ghníomhaíocht:**

Cuideoidh an ghníomhaíocht seo leis na foghlaimeoirí smaoineamh fá na mothúcháin a thiocthadh leis na húsáidí éagsúla atá le glórchúntóirí a chur orthu, agus foghlaimeoidh siad gur chóir daofa labhairt le duine fásta iontaofa má chuireann glórchúntóir imní, corraí, brón, nó mearbhall orthu.

1. Míniú do na foghlaimeoirí go mbíonn mothúcháin éagsúla orainn uilig. Cuir ceist ar na foghlaimeoirí fá na mothúcháin a d’fhéadfadh a theacht orthu in amanna. Seans gur mian leat na samplaí ar sleamhnán 38 a thaispeáint daofa le cuidiú leo lena gcuid smaointí.
2. Cuir sleamhnán 39 ar taispeáint agus fiafraigh de na foghlaimeoirí an bhfuil a fhios acu cad is glórchúntóir ann. Glac le roinnt freagraí uathu.
3. Míniú do na foghlaimeoirí go dtig le glórchúntóir áthas a chur orainn – thiocthadh leo cuidiú linn le rud nua a fhoghlaim, nó lenár gcur a gháirí. Iarr ar do chuid foghlaimeoirí an féidir leo smaoineamh ar am a chuir glórchúntóir áthas orthu. Glac le roinnt freagraí uathu.
4. Míniú do na foghlaimeoirí go dtiocfadh le glórchúntóirí, in amanna, imní, corraí, brón, eagla, nó mearbhall a chur orainn.
5. Gabh fríd shleamhnáin 40 go 46. I ngach cás, iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh agus barúlacha a roinnt fá na mothúcháin, dar leo, a d’fhéadfadh a bheith ar an charachtar sa chás seo. B’fhéidir gur mhian le foghlaimeoirí na freagraí s’acu a mhíniú, má mothaíonn siad go bhfuil siad in ann dó sin.
6. Iarr ar na foghlaimeoirí cad é a ba cheart daofa a dhéanamh má chuireann glórchúntóir imní, corraí, brón, eagla, nó mearbhall orthu. Cuir béim ar an pointe gur cheart daofa labhairt le duine fásta iontaofa má tharlaíonn sin in am ar bith, agus gur cheart plé a dhéanamh ar an chiall atá leis. Iarr ar na foghlaimeoirí cé hiad na daoine fásta iontaofa a thiocthadh leo labhairt leo. Seans gur mian leat na samplaí ar shleamhnán 47 a thaispeáint daofa le cuidiú leo a dtuigse a dhaingniú.



## **Gníomhaíocht:** Cén spion a chuireann na glórchúntóirí orainn?

### **Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt**

Tabhair do na foghlaimeoirí cóipeanna gearrtha amach de na cártaí mothúcháin nuair atá siad ag obair fríd na cásanna ar sleamhnáin 40 go 46. Iarr ar na foghlaimeoirí an mothúchán atá, dar leo, ar an charachtar a léiriú.

### **Bealaí le dúshlán a thabhairt agus le cur leis an fhoghlaim**

Mínigh do na foghlaimeoirí go dtiocfadh linn, in amanna, feidhm a bhaint as glórchúntóirí ar bhealach a bhféadfadh mothúcháin dhifriúla a chur ar dhuine eile. Gabh fríd shleamhnáin 48 go 52 agus iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar na mothúcháin atá an duine sin ag cur ar an duine eile mar gheall ar an dóigh ar úsáid sé an glórchúntóir. Mínigh do na foghlaimeoirí go dtiocfadh linn, in amanna, feidhm a bhaint as glórchúntóirí ar bhealach a bhféadfadh imní, corraí, brón, eagla, nó mearbhall, a chur ar dhuine eile. Má bhaineann duine eile feidhm as glórchúntóir ar bhealach a gcuireann ceann de na mothúcháin sin ort, tá sé tábhachtach go labhróidh tú le duine fásta iontaofa fán rud a tharla.



## **Gníomhaíocht:** plean pearsanta um shábháilteacht ar líne

### **Am:**

15 bomaite

### **An cuspóir foghlama:**

- Thig liom a mhíniú cad é a dhéanfainn dá mothóinn i mbaol nó fríd a chéile agus mé ag úsáid teicneolaíochta.

### **Na hábhair:**

- Leagan clóite den ‘Plean Pearsanta um Shábháilteacht ar Líne’ do achan fhoghlaimeoir.

### **Treoirínte molta don ghníomhaíocht:**

Is teimpléad an ghníomhaíocht seo le plean pearsanta um shábháilteacht ar líne a cheapadh ar féidir é a choinneáil ar scoil nó sa bhaile mar mheabhrú d’fhoghlaimeoirí fán dóigh le fanacht slán agus an teicneolaíocht in úsáid acu.

1. Sula ndéanfaidh tú an ghníomhaíocht seo, oscail an teimpléad ineagarthóireachta agus cinn cé acu ceisteanna atá ar an leibhéal cheart agus fóirsteanach do na foghlaimeoirí a bhfuil tú ag obair leo. Bain amach aon ranna nach mian leat a úsáid – go díreach iad a scrios ón phlean. Thig leat fosta eagarthóireacht a dhéanamh ar an téacs leis an áis a oiriúnú do na foghlaimeoirí s’agatsa.
2. Oibrigh leis an fhoghlaimeoir aonair nó le meitheal beag le tacaíocht a thabhairt daofa lena bplean féin a chruthú.
3. Coinnigh an plean críochnaithe áit inteacht ar féidir leis an fhoghlaimeoir a theacht air lena fheiceáil arís má bhíonn sin de dhíth. B’fhéidir gur mhian leat an plean críochnaithe a fhótachóipeáil agus a roinnt lena dtuismitheoirí agus lena gcúramóirí lena úsáid sa bhaile.



## **Gníomhaíocht:** plean pearsanta um shábháilteacht ar líne

### **Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt**

Roghnaigh na ranna amháin den phlean atá ar an leibhéal cheart do na foghlaimeoirí a bhfuil tú ag obair leo. Cuir críoch ar an phlean leo i dtimpeallacht aghaidh ar aghaidh. Leasaigh an fhoclaíocht sa phlean, mar shampla, 'teicneolaíocht' a athrú go 'iPad' nó 'taibléad', ag brath ar an téarmaí a bhfuil taithí ag an fhoghlaimeoir orthu. Cuir roghanna agus leideanna ar fáil ar féidir leis na foghlaimeoirí iad a roghnú. Mar shampla, leis an roinn 'An rud is ansa liom a dhéanamh agus teicneolaíocht in úsáid agam' a chomhlánú, thiocfadh leat iarraidh ar an fhoghlaimeoir roghnú idir na haipeanna éagsúla siúd a bhí cur amach acu orthu cheana féin.

### **Bealaí le dúshlán a thabhairt agus le cur leis an fhoghlaim**

Bíodh plé grúpa agaibh fán eolas atá ag na foghlaimeoirí cheana féin, fán dóigh le fanacht slán agus an teicneolaíocht in úsáid acu, agus ansin iarr orthu an plean a chríochnú go neamhspleách, mar uirlis le cuidiú leis an mhachnamh. Mol do na foghlaimeoirí smaointiú fá thuilleadh eolais a ba mhaith leo a chur lena bplean, ina measc sin na difríochtaí idir na rialacha ar scoil agus na rialacha sa bhaile, nó an mbíonn siad ag úsáid na teicneolaíochta faoi mhaoirseacht nó leo féin.